Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024 (OR. en)**

**16933/24**

**EJUSTICE 75**
**JURINFO 18**
**JAI 1879**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16593/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Intleacht Shaorga a úsáid i réimse an cheartais |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 12–13 Nollaig 2024, d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) tacar conclúidí ón gComhairle maidir le IS a úsáid i réimse an cheartais. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d'fhormheas an Chomhairle é.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA A ÚSÁID I RÉIMSE AN CHEARTAIS

### I. RÉAMHRÁ

1. Le blianta beaga anuas, tá an intleacht shaorga (dá ngairtear anseo feasta: IS) tagtha chun cinn go mór, agus í níos forbartha agus níos forleithne ná riamh. Tá méadú suntasach tagtha ar a hábharthacht i leith chórais cheartais na mBallstát. A bhuí leis an bhforbairt sin, tugtar deiseanna suntasacha don chóras ceartais agus cuirtear dúshláin shuntasacha roimpi, agus tarraingíodh aird ar a riachtanaí agus a thráthúla atá sé beartais nua a ghlacadh.

2. San am céanna, tá forbairt leanúnach á déanamh ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit ar réitigh dhlíthiúla, oibríochtúla agus theicniúla lena gcothaítear comhar breithiúnach agus rochtain ar cheartas in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla trasteorann. Chun rochtain chomhionann ar cheartas a áirithiú ar fud an Aontais tá tábhacht ar leith ag baint le comhar trasteorann idir na Ballstáit ina gcomhroinntear ceachtanna foghlamtha, dea-chleachtais, saineolas agus faisnéis faoin méid atá bainte amach maidir leis an intleacht shaorga a chomhtháthú ina gcórais cheartais faoi seach.

3. Is é Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (dá ngairtear anseo feasta: an Gníomh um an Intleacht Shaorga) an chéad ionstraim reachtach chuimsitheach ar domhan lena rialaítear IS. Sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is mar chórais ardriosca a aicmítear córais intleachta saorga le haghaidh feidhmchláir áirithe i réimsí fhorfheidhmiú an dlí, an cheartais agus réiteach malartach díospóidí[1], agus cuirtear iad faoi réir tacar ceanglas mar shampla nósanna imeachta agus rialuithe um measúnú comhréireachta, d'fhonn ardleibhéal iontaofachta a áirithiú.

4. I gConclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2020 maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[2], tarraingíodh aird ar na dúshláin a chruthaítear leis an digiteáil méadaithe i ngeilleagar agus i sochaí na hEorpa, lena n-áirítear trí bhíthin na hintleachta saorga. I gConclúidí ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an digiteáil dar teideal 'Rochtain ar an gceartas – na deiseanna a ghabhann leis an digiteáil a thapú'[3], cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an t-aistriú digiteach chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais a mhéadú. Tá Conclúidí ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach[4] dírithe ar chumhachtú digiteach daoine aonair agus earnálacha atá ríthábhachtach chun cearta bunúsacha a chosaint, mar shampla an ceartas, chomh maith le timpeallacht dhigiteach shábháilte a chruthú ina ndéantar cearta bunúsacha a chosaint go cuí.

---

[1] Go háirithe i gcás córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid ag údarás breithiúnach nó thar a gceann chun cabhrú le húdarás breithiúnach taighde agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhíorais agus ar an dlí agus an dlí a chur i bhfeidhm maidir le tacar nithiúil fíoras nó a úsáidfear ar bhealach comhchosúil i réiteach malartach díospóide; (An Gníomh um IS, Iarscríbhinn III. mír 8. a.)

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú 2020/C 202 I/01 (IO C 202I, 16.6.2020, lgh. 1-12)

[3] Conclúidí ón gComhairle 'Rochtain ar an gceartas – deiseanna a thapú a bhaineann le digiteáil' 2020/C 342 I/01 (IO C 342I, 14.10.2020, lgh. 1-7)

[4] 14309/23

5. Leagtar amach sa Straitéis Eorpach don r-Cheartas (2024-2028) cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla, sainaithnítear inti na gníomhaíochtaí is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus bunaítear léi an bonn le haghaidh sásra leantach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le tionscadail agus tionscnaimh arna dtíolacadh ag na Ballstáit nó ag páirtithe leasmhara eile. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí nuálacha a ghiaráil chun tacú le baint amach na spriocanna arna sainiú. Thairis sin, aithnítear sa Straitéis gur gá, mar gheall ar an gclaochlú digiteach, gníomhaíochtaí sonracha iomchuí a shainaithint, ar gníomhaíochtaí iad is féidir a chur in oiriúint do na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn as an intleacht shaorga agus as teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn.

6. Sna Conclúidí uaithi an 5 Márta 2024 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: an mhuinín a chur chun cinn trí chosaint dlí éifeachtach agus rochtain ar an gceartas[5] d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar peirspictíocht na gceart bunúsach ina chuid gníomhaíochtaí uile a bhaineann le cosaint dlí éifeachtach agus rochtain ar an gceartas a chinntiú, lena n-áirítear trí na deiseanna a ghabhann leis an digitiú a thapú.

7. Tá staidéir agus tuarascálacha foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha ar ábhair ghaolmhara ábhartha, mar shampla, an tuarascáil dar teideal *Getting the future right: Artificial intelligence and fundamental rights* [An todhchaí a réiteach mar is ceart: an intleacht shaorga agus cearta bunúsacha][6] agus an tuarascáil *Bias in algorithms – Artificial intelligence and discrimination* [Claonadh in algartaim – intleacht shaorga agus idirdhealú][7].

8. Tá doiciméid shuntasacha glactha ag roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse na hintleachta saorga freisin. Ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

   (a) Cairt Eiticiúil Eorpach an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ) de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le húsáid na hintleachta saorga i gcórais bhreithiúnacha agus ina dtimpeallacht[8]; in éineacht le treoirlínte gaolmhara an Choimisiúin sin maidir le húsáid na hintleachta saorga ag na Breithiúna,

---

[5] **7127**/24
[6] https://fra.europa.eu/en/publication/2020/artificial-intelligence-and-fundamental-rights
[7] https://fra.europa.eu/en/publication/2022/bias-algorithm
[8] https://rm.coe.int/ethical-charter-en-for-publication-4-december-2018/16808f699c

(b) an Moladh ó Chomhairle na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir leis an Intleacht Shaorga[9],

(c) Rún ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (10 Iúil 2024) maidir le cearta uile an duine agus cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun forbartha[10], go háirithe a forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, na ngiúróirí agus na measúnóirí, agus maidir le neamhspleáchas na ndlíodóirí,

(d) Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus maidir le Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta[11], darb aidhm a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí laistigh de thimthriall na gcóras intleachta saorga go hiomlán comhsheasmhach le cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta[12], agus

(e) an tuarascáil chríochnaitheach ó Chomhlacht Comhairleach Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe um an Intleacht Shaorga dar teideal *Governing AI for Humanity* [an Intleacht Shaorga a Rialú ar mhaithe leis an gCine Daonna][13].

9 https://legalinstruments.oecd.org/en/instruments/OECD-LEGAL-0449
10 https://documents.un.org/doc/undoc/gen/g24/120/36/pdf/g2412036.pdf
11 Sraith Chonarthaí de chuid Chomhairle na hEorpa - Uimh. [225], [Vilnius, 5.IX.2024]
12 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur shínigh an tAontas an Coinbhinsiún sin cheana féin.
13 https://www.un.org/sites/un2.un.org/files/governing_ai_for_humanity_final_report_en.pdf

9. Tá acmhainneacht chlaochlaitheach ollmhór ag an intleacht shaorga. Is féidir léi rochtain ar cheartas a éascú, agus tráthúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht imeachtaí breithiúnacha a fheabhsú. Le bheith níos sainráite, is féidir léi cabhrú, *inter alia*, le cúraimí áirithe, idir ghnáthchúraimí agus cúraimí cúnta, mar shampla, daoine aonair a threorú trí fhaisnéis dhlíthiúil, éisteachtaí a sceidealú, seomraí cúirte a chur in áirithe nó cosc a chur ar ath-shainaithint na ndaoine lena mbaineann trí chinntí cúirte a anaithnidiú[14] nó a bhréagainmniú[15], i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí. San Aontas, d'fhéadfadh na feabhsuithe sin ar imeachtaí breithiúnacha dul chun tairbhe do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí araon. Chuirfeadh sé sin feabhas ar chórais dlí an Aontais agus na mBallstát, rud a sholáthródh buntáistí iomaíocha don Aontas.

10. Baineann rioscaí níos mó leis an intleacht shaorga má úsáidtear í i roinnt cásanna eile. Ina ainneoin sin, ba cheart do chórais cheartais leas a bhaint as sna cásanna sin, faoi choimircí iomchuí, ós rud é go bhféadfadh an intleacht shaorga cuidiú go mór leis an obair bhreithiúnach, mar shampla achoimre a dhéanamh ar ábhar breithiúnach, anailís a dhéanamh ar chásdlí, téacsanna a mholadh, ateangaireacht fíor-ama a chur ar fáil, olléilimh a láimhseáil nó tacú leis an gcinnteoireacht.

11. Tá tábhacht ag baint le tionscnaimh taighde agus nuálaíochta darb aidhm forbairt na gcóras intleachta saorga a chur chun cinn, i gcás ina bhfuil siad saincheaptha i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le feidhmeanna dlíthiúla speisialta. Is den phríomhthábhacht an comhar a dhéantar idir an lucht acadúil, an lucht tionscail, na húdaráis bhreithiúnacha nó údaráis phoiblí eile agus gairmithe ceartais eile chun an nuálaíocht a spreagadh agus chun dul chun cinn a chothú sa réimse sin.

12. Tá sé thar a bheith tábhachtach freisin oiliúint bhreise, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, a chur ar chleachtóirí dlí agus ar fhoireann riaracháin na n-údarás breithiúnach a mbíonn baint acu le himeachtaí breithiúnacha, go háirithe i bhfianaise forbairtí ar an intleacht shaorga agus forbairtí teicneolaíochta eile.

---

**14** I gcomhréir le hAithris 26 de Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

**15** De réir Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

## II. CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## A. GNÉITHE GINEARÁLTA

13. Ba cheart IS a úsáid sa cheartas agus lánurraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir, *inter alia*, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis [16]an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí[17], chun trédhearcacht, cuntasacht agus formhaoirseacht a áirithiú lena ráthaítear go bhfuil na córais IS iontaofa sábháilte agus go n-urramaítear cearta bunúsacha agus iad á n-úsáid. Tá na Conclúidí seo i gcomhréir leis na ceanglais maidir le córais intleachta saorga a dhearadh, a fhorbairt agus a úsáid, mar a leagtar amach sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, agus ní chuirtear in iúl iontu go bhfuil sé ar intinn acu dul thar a bhfuil riachtanach sna ceanglais sin.

14. Áirítear le rochtain éifeachtach ar an gceartas an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun éisteacht chóir agus phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is príomhchritéir iad sin maidir le córais intleachta saorga a dhearadh, a fhorbairt nó a úsáid. Ba cheart rochtain ar cheartas a ráthú do chách, fiú i gcásanna nach n-úsáideann daoine aonair uirlisí nó seirbhísí TF nó ina bhfuil siad i staideanna leochaileacha.

---

**16** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88

**17** Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle IO L 119, 4.5.2016, lgh. 89–131

15. Tá gá le treoirlínte agus caighdeáin phraiticiúla atá soláimhsithe don úsáideoir chun IS a fhorbairt agus a úsáid go heiticiúil agus go freagrach sa cheartas, i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Ba cheart na treoirlínte agus na caighdeáin sin a bheith bunaithe ar mhalartuithe comhordaithe agus ar chomhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha.

16. Is féidir leis an intleacht shaorga tacú leis an gcinnteoireacht in imeachtaí breithiúnacha agus le réiteach malartach díospóidí, ach níor cheart í a chur ina hionad: ní mór don chinnteoireacht deiridh leanúint de bheith ina gníomhaíocht faoi stiúir an duine. Meastar de ghnáth go mbaineann ardriosca le húsáid na hintleachta saorga sa chomhthéacs sin agus ba cheart í a bheith trédhearcach, inrianaithe go hiomchuí agus inmhínithe, agus faoi réir formhaoirseacht dhaonna. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar na prionsabail sin a mheas agus a mheasúnú ag céim an deartha agus ar feadh shaolré iomlán na gcóras intleachta saorga a úsáidtear in earnáil an cheartais.

17. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach infhaighteacht méid mór sonraí ardcháilíochta a áirithiú chun timpeallacht a sholáthar atá fabhrach d’fhorbairt córas intleachta saorga a bhfuil breisluach ag baint leo.

18. Is cumasóir tábhachtach é cinntí breithiúnacha anaithnidithe nó faoi ainm bréige a bheith ar fáil d’fheidhmchláir intleachta saorga i réimse an cheartais, lena n-éilítear inrochtaineacht mhórscála ar na cinntí sin chun a n-anailís a dhéanamh go háirithe i gcéim oiliúna na gcóras intleachta saorga.

19. Iarrann an Chomhairle ar an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach agus ar údaráis nó comhlachtaí náisiúnta atá freagrach as an oiliúint bhreithiúnach an gá atá le hoiliúint a chur san áireamh agus gairmithe ceartais a chumhachtú chun déileáil le digiteáil na gcóras ceartais, go háirithe úsáid IS sa cheartas, chun oiriúnú don timpeallacht dhlíthiúil atá ag teacht chun cinn, bearnaí scileanna digiteacha a laghdú agus feasacht ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le córais intleachta saorga a úsáidtear i réimse an cheartais a mhúscailt. Ba cheart na huirlisí atá ann cheana don oiliúint lena ndírítear ar dhigiteáil an cheartais, lena n-áirítear IS do ghairmithe ceartais, a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh.

20. Tacaíonn an Chomhairle le comhroinnt faisnéise agus comhar i measc na mBallstát maidir le húsáid na hintleachta saorga sa cheartas – lena n-áirítear trí na hardáin atá ann cheana –, lena ndírítear ar ábhair tosaíochta agus lena rannchuidítear leis na cuspóirí a shainítear sa Straitéis Eorpach don r-Cheartas 2024-2028. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí cásanna úsáide coitinne, agus na tairbhí a mheastar a bheidh ag baint leo, na dúshláin a bhaineann leo agus réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú, a shainaithint.

## B. CUIREADH CHUIG AN gCOIMISIÚN

21. Iarrtar ar an gCoimisiún tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar acmhainneacht IS i réimse an cheartais agus cuidiú leis na Ballstáit an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme

22. Iarrtar ar an gCoimisiún cistiú leordhóthanach a chur chun cinn do thaighde, d'fhorbairt agus d'úsáid IS sa cheartas, d'fhonn iomaíochas foriomlán an Aontais agus a Bhallstát a mhéadú, ar scála domhanda, agus ualaí riaracháin maidir le rochtain ar dheiseanna cistiúcháin an Aontais a theorannú.

23. Tá na Conclúidí seo ón gComhairle gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027.

24. Iarrtar ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí thuasluaite faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt.

25. Iarrtar ar an gCoimisiún ‘bosca uirlisí coiteann IS don Cheartas’ a chruthú agus a oibriú, de réir a inniúlachtaí, agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann leis an ‘ardán IS ar éileamh’ atá bunaithe cheana féin agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht agus comhroinnt acmhainní agus eolais a bhaineann le córais IS a fhorbairt, a imscaradh agus a úsáid á gcur san áireamh. Stór de chásanna úsáide IS a bheadh sa bhosca uirlisí IS sin don Cheartas (go háirithe, gníomhaithe, raon feidhme, sprioc, cuspóir, feidhmiúlacht, cásanna, tairbhí ionchasacha) agus uirlisí in earnáil an cheartais. D’fhéadfaí na huirlisí IS atá le cur san áireamh sa bhosca uirlisí, bídís forbartha le cistiú ón Aontas nó ná bíodh, a chur ar fáil do na Ballstáit uile. D’fhéadfadh an bosca uirlisí IS seo don Cheartas cruthú comhthuisceana agus cásanna úsáide a chothú i measc na mBallstát maidir le húsáid trasteorann uirlisí IS sa cheartas.

## C. CUIREADH DO NA BALLSTÁIT

26. Sa bhreis ar an tacar gníomhartha agus beartas dlí ar leibhéal an Aontais atá ceaptha chun feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach agus ar an rochtain ar an gceartas in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla trasteorann, iarrtar ar na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as réitigh dhigiteacha nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga, agus iad a ghlacadh ina gcóras ceartais, chun éifeachtúlacht, cothroime agus neamhspleáchas na mbreithiúna a fheabhsú a thuilleadh.

27. Iarrtar ar na Ballstáit féachaint ar an bhféidearthacht a bhaineann le córais intleachta saorga atá ag síorathrú, agus comhlíonadh na gceart bunúsach, na rialacha maidir le cosaint sonraí agus reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna.

28. I gcomhréir le Straitéis Eorpach r-Cheartais 2024-2028, iarrtar ar na Ballstáit comhoibriú agus faisnéis a chomhroinnt maidir le húsáid IS sa cheartas agus maidir le huirlisí IS, lena n-áirítear gnéithe bunriachtanacha a bhaineann leis na huirlisí sin, mar shampla, cumraíocht nó tuairisc ar a bhfeidhmiú agus ar úsáid bogearraí foinse oscailte.

29. Agus an fhaisnéis sa 'bosca uirlisí IS don Cheartas' atá le hoibriú ag an gCoimisiún á cur san áireamh, iarrtar ar na Ballstáit faisnéis a mhalartú agus comhthuiscint a chothú maidir le cásanna úsáide, úsáid uirlisí IS agus a bhforbairt trasteorann, chun córais cheartais a fheabhsú agus chun réitigh idir-inoibritheachta a bheidh ann amach anseo a ullmhú, agus an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta á chur san áireamh, ar cur chuige é a comhaontaíodh go comhchoiteann maidir le seirbhísí poiblí Eorpacha a sholáthar ar bhealach idir-inoibritheach.

30. Mar a léiríodh cheana[18], ba cheart tacaíocht agus rannpháirtíocht cleachtóirí dlí, gairmithe TF agus údarás nó comhlachtaí inniúla a spreagadh chun aghaidh níos fearr agus níos tráthúla a thabhairt ar dhúshláin an chlaochlaithe dhigitigh. Sa bhreis ar an oibleagáid bearta a dhéanamh chun leibhéal leordhóthanach litearthachta IS a áirithiú, a mhéid is féidir, do gach gairmí ceartais a úsáideann an intleacht shaorga[19], ba cheart díriú ar fheasacht a mhúscailt tríd an oiliúint do ghairmithe ceartais agus d'fhoireann riaracháin na n-údarás breithiúnach. Ba cheart tuiscint níos fearr ar na himpleachtaí agus na rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga a chur chun cinn leis freisin, feabhas a chur ar an tuiscint ar na hathruithe i ndlí an Aontais atá mar fhreagairt ar riachtanais an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití, agus feabhas a chur ar úsáid éifeachtach IS agus uirlisí TF eile chun éifeachtúlacht na gcóras ceartais a chur chun cinn, agus a bheith ar an eolas faoi rioscaí bunúsacha ag an am céanna.

31. Iarrtar ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach slán agus i bhfothú acmhainneachta i réimse an cheartais chun tacú le himscaradh ardteicneolaíochtaí, lena n-áirítear uirlisí intleachta saorga a úsáidtear i gcórais cheartais.

---

18 Mír 19

19 Féach Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.